

LÁ FHÉILE CAOLAINN.

An tráigh a D'ímtigh.

Bhí tráigh bhreagh i nIorras Mhór a mbíodh an fheamainn dearg a tigheacht ann . Chuaidh daoine a' bailiú na feamainne deirge lá Fhéil Chaolainn. Lá ar na bharach ní raibh aon tráigh le feiceáil ach carraigreacha agus an fheamainn có domhain is go snámhfadh bád timcheall orthab. Na Searra atá baiste orthab ó shoin. D'ímtigh an tráigh ar súl (ar siubhal) agus leig sí leis na carraigreacha.

8/3/32.